

Cianfhoghlaim

An Clár Cumarsáide / Múineadh

Mar fhreagairt ar an tréimhse neamhchinnteacht seo a bhaineann le dúnadh na scoileanna, ceapadh an beartas seo chun rianú ar conas go gcoimeádfaidh an scoil an ceangailt idir an scoil agus an baile. Dá dtarlódh dúnadh iomlán nó dúnadh páirteach na scoileanna, beidh sé ar intinn againn leanúint ar aghaidh leis an teagmháil lenár ndaltaí trí mheán éagsúla.

Aithnímid go bhfuil sábháilteacht ar líne fíor-thábhachtach agus an aidhm atá ar an ndociméid seo ná go gcabhródh sé leis an bhfoireann scoile agus na daltaí a chosaint, chomh maith le dul i ngleic leis an gcianfhoghlaim.
Níl sé ar intinn ag an bpolasaí seo an Polasaí um Úsáid Ghutháin Phóca nó Úsáid Inghlactha a ionadú. Tá sé molta mar thuilleadh tábhachtach le fócas ar leith ar an ábhar den gcianfhoghlaim. Ba chóir go léifear an polasaí atá leagtha amach i gcomaoin lenár gCód Iompair agus Polasaí Frithbhulaíochta na scoile.
An príomh dhualgas atá ag na scoileanna ar fad ná an sábháilteacht agus leas do na foghlaimeoirí scoile ar fad. Tá an polasaí seo ag iarraidh cinntiú go bhfuil an cianfhoghlaim sábháilteach le haghaidh gach dalta agus go bhfuil sonraí pearsanta agus goilliúnach cosainte faoin reachtaíocht GDPR. Caithfidh an scoil iarracht a dhéanamh ar chinntiú go mbíonn foghlaim ar siúl i dtimpeallacht ina léirítear meas agus cothromaíocht agus i gcomhlíonadh leis na dualgaisí reachtúil.

Cheapadh an beartas seo i gcomhréir leis na bhforálacha um Roinn Oideachais agus Scileanna agus na rannóga iomchuí den:

(a) An tAcht Oideachais (1998)
(b) An tAcht um Oideachais (Leas) (2000)
(c) An tAcht um Stádas Comhionannas (2000)
(d) An tAcht um Oideachas do Dhaoine le Riachtanais Oideachais Speisialta (2004)
(e) An tAcht um Míchumas (2005)

(f) An tAcht um Leanaí ar dTús (2017)
(g) GDPR
(h) An tAcht um Chosaint Sonraí (2018)
(i) An Roinn Oideachas agus Scileanna: Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iarbhunscoileanna
(j) NEWB Treoirlínte le haghaidh Cód Iompar a Fhorbairt (2008)
(k) An Roinn Oideachas agus Scileanna: Treoir do Leanúnachas Scolaíochta do Bhunscoileanna (Bealtaine 2020)
(l) An Roinn Oideachas agus Scileanna: Treoir do Leanúnachas Scolaíochta: Ag Tacú le Daltaí Bunscoile Ardriosca de Covid-19 (Lúnasa 2020)

Is doiciméid reatha é seo. Mar a leanaimid ar aghaidh ag iniúchadh na roghanna oiriúnacha atá ar fáil a thacaíonn le cianfhoghliam, déanadh athbhreithniú nó uasdatú ar an doiciméid seo de réir a chéile.

Comhthéacs

Bíonn múineadh agus foghlaim i gcónaí ag fabhrú. Tugann forbartha i dTE deiseanna iontacha mar fhoghlaimeoirí agus múinteoirí. Tá scóip suntasach ann chun foghlaim ag úsáid teicneolaíocht agus leanann sé ar aghaidh ag athrú an gaol foghlama idir múinteoirí agus daltaí. Ciallaíonn céimeanna chun cinn i dteicneolaíocht gur féidir le tascanna a bheith tugtha go cian agus tugann neart rochtain ar fáil ar an idirlíon níos mó deiseanna le haghaidh foghlaim réalaíoch a bheith ar siúl faoi fhaire agus faoi threoir ghairmiúil an mhúinteora.

Áfach, cé go dtabharfar treoir cian don pháiste nó via timpeallacht traidisiúnta an seomra ranga, tá sé fíor-thábhachtach go bhfuil gach páirtí eolach ar aon uair a tharlaíonn malartán foghlama idir an múinteoir agus an páiste, cé go bhfuil siad sa bhaile nó ar scoil, go mbaineann na rialacha le Chód Iompair na scoile nó gach polasaithe scoile ábhartha.

Aithnímid go bhfuil comhoibriú ar líne riachtanach le haghaidh cianfhoghlaim agus go bhfuil teaghlaigh i bhfábhar ar níos mó deiseanna an ceangailt a choimeád idir an scoil agus an baile. Úsáideann Gaelscoil Naomh Pádraig uirlis ar líne atá páistebháúil ar leith (Seesaw) agus a nascann leis na ranganna phríomhshrutha via dhá chruinniú Zoom gach seachtain chun iarracht freastail ar sholáthar múineadh agus foghlaim, chomh maith le cumas a chur ar níos mó cumarsáid idir foirne, clainne agus daltaí. Maidir le páistí le riachtanaisí speisialta oideachais acu, úsáideann Gaelscoil Naomh Pádraig teaglaim de chumarsáid ghuthán, Seesaw agus glaochanna Zoom ag brath ar na riachtanaisí ar leith atá ag an bpáiste indibhidiúil. Bíonn ról lárnach ag an bhfoireann TF agus na CRS sa réimse seo.

Treoirlínte le haghaidh dea-chumarsáid ar líne i nGaelscoil Naomh Pádraig

1. Ní ghlacfar aon phictiúr ar bith nó taifead ar bith de chruinnithe/ceachtanna/séisiúin ar líne ag am ar bith gan cead ó chuile dhuine.
2. Bítear ag súil go mbíonn iompar cuí, sábháilteach agus omósach á léiriú ag an bhoireann, na teaghlaigh agus na daltaí ar líne.
3. Tá sé de dhualgas ag tuismitheoirí/caomhnóirí a bpáistí a mhaoirsiú nuair atá siad ag obair ar líne agus a chinntiú go bhfuil an ábhar seolta chuig a múinteoir oiriúnach.
4. Déanfaidh ball foirne cumarsáid indibhidiúil le daltaí agus a dteaghlaigh tríd aip bhunaithe (m. sh. Seesaw – Seesaw Ranga nó Seesaw Clainne). D'fhéadfadh an fhoireann cumarsáid a dhéanamh trí ríomhphoist nó via glaoch ghuthán ó am go ham.
5. Úsáidfear aon ghléas leictreonach chumarsáide do chuspóirí oideachasiúil amháin agus chun nasc a choimeád idir daltaí agus a gclainne.
6. Úsáidfidh daltaí agus an fhoireann uirlisí chun cumarsáid a dhéanamh lena chéile atá ceadaithe ag an scoil agus a chuirfear in iúl do na tuismitheoirí (Seesaw, Zoom, ríomh-phoist agus via glaoch ghuthán).
7. Beidh cead ó thuismitheoirí sealbhaithe sula gcruthófar próifíl don dalta ar fhóraim cumarsáide.
8. Le haghaidh físeáin/ glaochanna Zoom, glactar leis gur thug tuismitheoirí a gcead, mar beidh an nasc chuig an fís-ghlaoch seolta mar ríomhphoist nó téacsteachtaireacht chuig uimhir ghuthán pearsanta nó seoladh ríomhphoist an tuismitheoir/caomhnóir atá faighte ag an scoil. Tá cead tuismitheoirí intuigthe nuair a logálann an dalta isteach ar an nglaoch.
9. De bharr cúiseanna slándála, beidh pasfhocail soláthartha do theaghlaigh, má's bainteach.
10. Ní féidir le Gaelscoil Naomh Pádraig glacadh le freagracht as slándáil fheidhmchlár gréasáin den sort sin i gcás go ndéantar iad a haiceáil. Déanfar gach iarracht an riosca seo a laghdú trí nasc a chur in iúl do chruinniú ar leith agus an nasc a sheoladh chomh gar agus is féidir le ham tosaithe an chruinnithe, m. sh. laistigh den tréimhse uair a chloig sula dtosaíonn an cruinniú. Beidh an nasc seo roinnithe trí théacs príobháideach chuig an tuismitheoir.

Cláracha ar Líne i nGSNP:

Úsáidfidh Gaelscoil Naomh Pádraig sé chláracha ar líne chun cumarsáid agus nasc a dhéanamh le teaghlaigh/daltaí. Beidh comhcheangail de thascanna agus ceachtanna réamh-thaifeadta i ranganna Naíonáin agus sinsearacha (Seesaw) curtha in áireamh inár bPlean Cianmhúinteoireachta agus cianfhoghlaim, má's bainteach. Beidh dhá shéisiúin Zoom beo ar siúl ag na múinteoirí faoi dhó in aghaidh na seachtaine. Má's gá, d'fhéadfadh na múinteoirí tacaíocht foghlama séisiúin Zoom beo a dhéanamh, in imthoscanna ar leith go dtabharfar tacaíocht foghlama breise do pháistí. Beidh an scoil ag déanamh teagmháil le tuismitheoirí tríd an suíomh scoile, an leathnach instagram, téacstaireachtaí agus trí

ríomhphoist chomh maith.

1. ***Seesaw:***

   Beidh ball foirne atá bainteach leis na daltaí i dteagmháil leis na tuismitheoirí agus na daltaí go rialta tríd an aip Seesaw Ranga agus an aip Seesaw Clainne. Iarrfar ar na clainne go léir an aip Seesaw Ranga a íoslóideáil agus a sheiceáil go rialta le haghaidh uasdátaithe agus eolas tábhachtach. Cuirfidh múinteoirí an obair le haghaidh na daltaí suas ar an aip Seesaw gach seachtain.

   Tabharfar faoi ceisteanna na dtuismitheoirí le linn uaireanta scoile amháin (9.00 r.n. – 2.40 i.n.) agus ba cheart go mbaineann na ceisteanna sin go díreach le foghlaim agus múinteoireacht do pháiste.

   Tá an aip Seesaw Ranga le haghaidh daltaí níos sine chun nasc a dhéanamh lena bhfillteán nuair a bheidh an rogha acu rudaí a uaslódáil chuig a bhfillteán sa bhealach go bhfeiceann a múinteoir é. Úsáidtear an aip seo ó Naíonáin Bheaga go Rang a Sé agus a éilíonn cód QR/cód pearsanta logáil isteach gur féidir le tuismitheoirí a rochtain tríd admháil den ríomhphoist scoile. Tá múinteoir le dualgaisí ar leith i dTE ar fáil chun aon cheist faoi TE a bheadh ag tuismitheoirí a fhreagairt ag sineadgsnp@gmail.com (Cruthaíodh seoladh ríomhphoist ar leith le haghaidh an cuspóir seo). Tá cead ó thuismitheoirí riachtanach sula n-úsáidtear an aip seo. Beidh rochtain ar chód indibhidiúil/ cód pearsanta logáil isteach sannta ag gach páiste. Faraor, níl logáil isteach an chlann iomlán éascaithe ar Seesaw. Beidh roinnt ceachtanna réamh-thaifeadte agus uaslódáilte trí Seesaw.

2. ***Zoom:***

   Is clár fhíshchomhdháil é Zoom a chuireann ar chumas ar múinteoirí, ball foirne agus daltaí chomhcheangailt lena chéile trí nasc beo, má's gá. De réir cead tuismitheora; d'fhéadfadh múinteoirí chomhcheangailt le daltaí indibhidiúla ag úsáid cruinnithe Zoom réamh-eagraithe. Úsáidfear Zoom ar bhonn leanúnach le haghaidh tionól an scoil iomlán. Úsáidfear Zoom chun rannpháirtíocht idir an múinteoir ranga agus an rang indibhidiúil bainteach a éascú faoi dhó in aghaidh na seachtaine, cruinnithe foirne, cruinnithe choiste na dtuismitheoirí, cruinnithe an bhord bainistíochta agus aon cruinniú eile a bheadh ar siúl laistigh de phobal na scoile.

3. ***Leathnach Instagram GSNP:***

   Beidh aon imeachtaí scoile ag teacht aníos, ócáidí speisialta, teachtaireachtaí ghinearálta le haghaidh an phobail scoile nó áiseanna úsáideach póstáilte ar an leathnach instagram scoile.

4. ***Suíomh Ghréasáin Scoile:***

   Bíonn réimse leathan eolas ag baint lenár scoil gur féidir a rochtain ar ár suíomh ghréasáin scoile @ www.gsnp.ie

5. ***Ríomhphoist Scoile:***

   Bíonn comhfhreagrachtaí caighdeánacha, m. sh. litreacha, nótaí eolais, nascanna úsáideacha, eolas roinnte ar fad curtha trí theachtaireacht in iúl ar ríomhphost

6. ***Téacsteachtaireachtaí:***

   Seolfaidh GSNP amach teachtaireachtaí ghairid via téacsteachtaireachtaí trí Databiz (nó an aip Cadoo).

Rialacha le haghaidh páistí a úsáideann módhanna cumarsáide ar líne

Le haghaidh foghlaim agus tascanna déanta/gníomhaíochtaí a aighniú ar Seesaw:

Aighnigh obair agus pictiúir atá iomchuí – iarr ar dhuine fásta breathnú ar an ábhar duit sula seolann tú é isteach. Úsáid focail cineálta agus cairdiúil.

Rialacha do pháistí agus iad ag freastail ar chruinniú Zoom do thionól scoile in áit chian (sa bhaile):

- Moltar áit ciúin a fháil chun an gléas a réitiú, má's féidir, ionas nach mbeidh aon ábhair seachrán sa chúlra
- Is comhair tuismitheoir an p(h)áiste logáil isteach leis an ID agus Pasfhocal an chruinniú (atá tugtha díreach roimh an gcruinniú)
- Múchfaidh an óstach na ceamairí don lucht freastal
- Múchfaidh an óstach na micreafóin don lucht freastal
- Tabharfar cead do na páistí an fóram comhrá a úsáid ar bhealach iomhchuí

Rialacha do pháistí a úsáideann Zoom in áit chian (sa bhaile):

Muna n-úsáidtear na ceamaraí:

- Réitigh an gléas i spás ciúin gan ábhair seachrán sa chúlra
- Múchfaidh an óstach (an múinteoir) gach ceamara den lucht freastail (na daltaí)
- Féadfaidh an óstach (an múinteoir) beartú nó iarraidh ar an lucht freastail (na daltaí) micreafóin a chasadh as/a bhalbhú

- Beidh an comhrá á dícheangailt ag an óstach (múinteoir) le linn an séisiúin, ach amháin má chaithfidh sé a bheith ceangailte le haghaidh cuspóir ar leith
- Féadfaidh an óstach (an múinteoir) scáileáin a roinnt le linn an séisiúin Zoom

Má úsáidtear na ceamaraí:

- Ceangail le do rang le do mhicreafón balbhaithe
- Ardaigh do lámh roimh labhairt, díreach mar a ndéanfá sa rang
- Focail cineálta labhartha an t-am ar fad
- Labhair i do ghnáth-ghuth. Cosc ar bhéicíl.
- Éist le daoine eile nuair atá siad ag caint
- Beidh an comhrá á dícheangailt ag an óstach (múinteoir) le linn an séisiúin, ach amháin má chaithfidh sé a bheith ceangailte le haghaidh cuspóir ar leith
- Féadfaidh an óstach (an múinteoir) scáileáin a roinnt le linn an séisiúin Zoom
- Níl cead ag páistí/úsáideoirí an cúlra a athrú nó cur isteach ar aon socruithe le linn an séisiúin Zoom

NB: Tá an ceart ar cosaint ag an óstach an freastalaí a dícheangailt ón gcruinniú muna gclaítear leis na rialacha

Treoirlínte le haghaidh Tuismitheoirí agus Caomhnóirí:

Don Fhoghlaim:

- Tá sé de fhreagracht ar na tuismitheoirí agus caomhnóirí na daltaí a mhaoirsiú nuair atá siad ag obair ar líne
- Seiceáil thar an obair a sheolann daltaí isteach chuig a múinteoir ag cinntiú go bhfuil sé iomchuí
- Lean ar aghaidh ag athbhreithniú ar na bearta sábháilteachta ar líne leis na daltaí (féach ar an bPolasaí Úsáide Inghlactha do thagairtí úsáideacha le do thoil – ar fáil @ www.gsnp.ie)

Don fhíschomhdháil / Zoom i suíomh chian (sa bhaile):

- I gcás ar leith go bhfuil cruinniú Zoom réamh-eagraithe, seolfar na sonraí logáil isteach idir 20 – 30 nóiméad sula dtosaíonn an cruinniú. Cuirfear na sonraí logáil isteach ar na haipeanna Seesaw Ranga agus Seesaw Clainne. Tá sé seo ann chun an dealraitheacht de shonraí logáil isteach a laghdú le héinne lasmuigh den lucht freastail
- Molaimid gan sonraí logáil isteach a roinnt ar aon chlár de na meán cumarsáide soisialta eile
- Ní chóir go nglactar pictiúir
- Ní chóir go ndéanfar taifead ar aon chruinniú Zoom gan chead a fháil ó ghach

rannpháirtí roimhré

- Cinntigh go bhfuil an seoladh ríomhphoist ceart/uimhir ghuthán soghluaiste teagmhála ag an scoil chun cuireadh a thabhairt duit ceangailt leis na haipeanna agus cruinnithe. Cinntigh gur féidir leat do Seesaw Ranga agus aipeanna Seesaw Clainne a rochtain chun sonraí logáil isteach a rochtain, má's cuí
- An príomh chuspóir den fhíschomhdháil Zoom ná:
  (i) chun dul i dteagmháil leis an tionól scoile iomlán agus nasc soisialta a choimeád idir an foireann scoile agus na daltaí ar leibhéil an scoil iomlán
  (ii) chun an caidreamh idir an múinteoir ranga agus na daltaí den rang indibhidiúil, cumarsáid agus nasc a leanúint go seachtainiúil a éascú
- Spreag na daltaí chun éisteacht agus taitneamh a bhaint as an taithí
- Bí aireach agus páirt á ghlacadh agat i nglaochanna grúpa go bhfeice agus go gcloise duine thú, muna bhfuil tú balbhaithe nó muna bhfuil do cheamara díchumasaithe
- Rachaidh tú isteach chuig seomra feithimh go huathoibríoch nuair a chuireann tú isteach an cód le haghaidh an glaoch Zoom. Tabhair aire, le do thoil, go nglacfaidh an fhoireann scoile úsáideoirí isteach ar fhíschomhdháil má tá tú sainaitheanta de réir d'ainm léirithe ar do chuntas Zoom (m. sh. Sloinne)
- Cinntigh, le do thoil, go bhfuil do pháiste in am don fís sceidealaithe, nó d'fhéadfaidh siad a bheith glasáilte amach. Iarraidh ar cheangailt leis an nglaoch Zoom timpeall is cúig nóiméad roimh an am tosaithe sceidealaithe, le do thoil.
- Tá sé riachtanach go n-athníonn an óstach an aitheantas d'aon duine atá ag iarraidh an cruinniú Zoom a rochtain. Ní cheadaítear d'éinne gan aithint atá ag iarraidh an cruinniú a rochtain a ligeant isteach
- Má chailleann an óstach ceangailt idirlíne le linn séisiún Zoom, molaimid go gcintíonn an tuismitheoir atá ag maoirseacht go bhfágann a p(h)áiste an cruinniú go díreach
- Déan cinnte go mbíonn do pháiste eolach ar an mbogábhar roimhré. Is cóir go mbeadh na rannpháirtithe san fhíschomhdháil gléasta i mbealach cuí. Is cóir cúlra iomchuí/seomra a roghnú don fhíschomhdháil.

Le haghaidh eolas mionshonraithe ar GDPR agus Zoom, téigh chuig http://zoom.us/privacy le do thoil

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara mar thoradh ar aon cheann de na treoirlínte thuasluaite ar shárú, beidh an módh seo den gcumarsáid scortha. D'fhéadfadh an sárú an duine a bhaint go díreach den chruinniú, mar thoradh, nó cuirfidh an óstach deireadh leis an gcruinniú go díreach.

Prótacal Maidir Le Cianmhúinteoireacht agus Cianfhoghlaim do Dhaltaí:

- Seiceáil tascanna oibre gach seachtain (Rang 3 – 6)
- Caithfidh an cumarsáid a bheith ar siúl le linn na ghnáth amanta scoile nó ag na hamanta molta ag an múinteoir cuí
- Cuireadh an ghnáthfhéilire scoile i bhfeidhm

Baineann na polasaithe scoile seo a leanas leis an cianmhúinteoireacht agus cianfhoghlaim

- An Cód Iompar
- An Polasaí Frithbhulaíochta
- An Polasaí Úsáid Inghlactha

Cuireadh an cleachtadh múinteoireachta agus foghlama is fearr i bhfeidhm, ag súil le páistí le bheith ar a gcumas is fearr a dtascanna oibre go léir a chur i láthair agus in am, má's féidir sa suíomh seo atá ag fabhrú agus gan fasach, déanfar soláthar do dhaltaí le riachtanais oideachas speisialta, má's féidir, ag úsáid modheolaíochtaí cianfhoghlama. Má's féidir, déanfar soláthar do dhaltaí atá ag riosca an-ard de Covid-19 trí úsáid a bhaint as modheolaíochtaí cianfhoghlama.

Prótacal Maidir Le Cianmhúinteoireacht agus Cianfhoghlaim do Thuismitheoirí

Iarrfaimid ar thuismitheoirí/caomhnóirí go ndéanfaidh siad cinnte claí leis na prótacal seo a leanas:

- Seiceáil isteach ar obair scoile a p(h)áiste go rialta agus labhair lena p(h)áiste faoin obair atá acu
- Is cóir go mbíonn cumarsáid ar siúl le linn na ghnáth amanta scoile
- Tá an sláinte agus folláin gach éinne fíorthábhachtach

D'fhéadfadh imthosca athrú dúinn, gan tuar, múinteoirí nó tuismitheoirí, coimeád an scolaíocht i bpeirspictíocht agus ná lig aon rud a mbainfeadh leis an scoil a bheith mar thionchar diúltach ar do pháiste. Is tusa an príomh oideachasóir do do pháiste agus déanfaidh tusa na cinntí sin. Molaimid cumarsáid laethúil le haghaidh gnáthamh. Tugaimid obair agus treoir agus iarraimid ar thuismitheoirí agus daltaí a ndícheall a dhéanamh de réir do imthoscaí pearsanta féin.

Prótacal Maidir Le Cianmhúinteoireacht agus Cianfhoghlaim do Mhúinteoirí / CRS

Seiceáil an obair seolta gach seachtain agus tabhair aiseolas. Is cóir go mbíonn cumarsáid ar siúl le linn na ghnáth amanta scoile. Cuireadh an ghnáthfhéilire scoile i bhfeidhm. Baineann na polasaithe scoile seo a leanas leis an cianmhúinteoireachta agus cianfhoghlaim:

- An Polasaí Cosaint Leanaí
- An Polasaí Cosaint Sonraí

Cuireadh an cleachtadh múinteoireachta agus foghlama is fearr i bhfeidhm ag súil le daltaí le bheith ar a gcumas is fearr a dtascanna oibre go léir a chur i láthair agus in am, má's féidir.

Soláthar do Cianmhúinteoireacht agus Cianfhoghlaim atá ag baint leis na suíomhanna Covid 19 ar leith:

Soláthar do pháistí atá ar riosca an-ard do Covid 19:

Rachaidh an scoil i dteagmháil go díreach leis na tuismitheoirí cuí, maidir le cianoideachas a sholáthar do pháistí measta ar ard-riosca de Covid 19 (féach ar na treoirlínte HSE) nó páistí atá mar bhall teaghlaigh le duine eile den gclann measta ar ard-riosca de Covid-19, nuair a sholáthraíodh teastas leigheas don scoil.

Soláthar do pháistí eile go léir atá treoraithe ag an GP nó sláinte poiblí HSE, soláthraíodh oideachas dóibh mar seo a leanas:

- **Páistí atá ag fanacht le haghaidh torthaí scrúduithe Covid 19 dóibh féin nó don ball teaghlaigh agus atá treoraithe ag a GP aonrú sa bhaile ar feadh roinnt laethanta:**
  Tabharfar tacaíocht do na daltaí dul chun cinn a dhéanamh ina gcuid foghlaim nuair a fhilleann siad ar scoil. Féadfadh obair a bheith tugtha do daltaí nach bhfuil ag léiriú siomptóim le cead tuismitheora ag an am seo (bunaithe ar na cásanna)

- **Páistí atá ag aonrú sa bhaile atá treoraithe ag a GP de bharr cás deimhnithe laistigh den gclann féin/ dlúth-theagmháil lasmuigh den scoil (tréimhse aonrú 14 lá):**
  Déanfaidh an múinteoir nasc leis an rang agus tabharfaidh an múinteoir tascanna oibre via Seesaw.

- **Faighneog Scoile (grúpa de seisear) atá treoraithe ag an Sláinte Poiblí HSE féin-aonrú (tréimhse aonrú 14 lá):** Déanfaidh an múinteoir nasc leis an

bhfaighneog agus tabharfaidh an múinteoir tascanna oibre via Seesaw. Déanfaidh an múinteoir nasc leis an bhfaighneog via Zoom chomh maith.

- **An rang indibhidiúil (rang iomlán) atá treoraithe ag an Sláinte Poiblí HSE féin-aonrú (tréimhse aonrú 14 lá):** Déanfaidh an múinteoir nasc leis an rang agus tabharfaidh an múinteoir tascanna oibre via Seesaw. Déanfaidh an múinteoir nasc leis an rang via Zoom chomh maith.

- **Dúnadh an scoil iomlán mar atá treoraithe ag an Sláinte Poiblí HSE:** (Molfaidh an Sláinte Poiblí an tréimhse ama an dúnadh), dénfaidh múinteoirí teagmháil leis na daltaí ag úsáid cur chuige chumaisc de cheachtanna réamh-thaifeadte (nuair is iomchuí), tascanna tugtha ar Seesaw agus, dhá chruinniú Zoom gach seachtain leis an rang indibhidiúil. Beidh imeachtaí leanúnacha ar siúl ar scoil cosúil le tionól scoile iomlán trí Zoom.

Tabhair faoi deara go bhfuil an scéal faoi láthair sreabhach agus bhféadfadh na imthosca a bheith ag athrú tríd an bliain.

Achoimre

- Déan an méid gur féidir leat, ag cur d'imthosca pearsanta san áireamh
- Dírigh ar an obair atá eagraithe ag múinteoirí i láthair na huaire
- Ní bheidh obair scoile eagraithe le haghaidh dúnadh scoile pleanáilte/laethanta saoire
- Ní bheidh aon caidreamh ar Seesaw nó Zoom le linn na hamanta sin
- Déan cumarsáid, le do thoil, trí phostanna a bhreathnú ar an suíomh scoile, leathnach instagram scoile, trí ríomhphostanna, téacstaireachtaí agus ar Seesaw – tá sé ár bpríomh mhodh de chumarsáid ag an am seo
- Iarraimid ar thuismitheoirí/caomhnóirí, daltaí agus múinteoirí go leantar na prótacal an t-am ar fad
- Má chaithfidh tú fós nasc a dhéanamh leis na cláracha ar líne/leathnach instagram scoile/gréasán scoile, déan é sin, le do thoil. Má tá deacrachtaí agat, seoil ríomhphoist chuig an scoil @ sineadgsnp@gmail.com agus tabharfaimid cúnamh duit i mbealach ar bith gur féidir linn agus déan teagmháil leis an scoil le haon ceisteanna eile a bheadh agat.

Tugaimid buíochas leis an pobal scoile as ucht a bheith ag claí leis na treoirlínte thuasluaite ar son sábháilteacht agus folláine gach duine.

Dhaingnigh an Bord Bainistíochta Ghaelscoil Naomh Pádraig an beartas seo ar an Aoine, an 8ú d'Eanáir 2021 agus déanadh athbhreithniú agus uasdátú air arís ar an Mháirt, an 2ú de Feabhra 2021. D'fhéadfadh an polasaí seo a bheith athruithe ag aon am ar bith de réir an treoir faighte ón Roinn Oideachas agus Scileanna/ HSE Sláinte Poiblí



Sínithe: _____

(Cathaoirleach an Bord Bainistíochta Gaelscoil Naomh Pádraig)

Roinnt Aipeanna Molta:

Chomh maith leis an bplean oibre atá ann do do pháiste/pháistí, molaimid na haipeanna seo a leanas gur féidir le do pháiste a úsáid chomh maith, má's féidir iad a rochtain. Munar féidir, ná bí buartha, níl siad riachtanach, ach cabhrach.

Cúla 4: *Ar fheabhas le haghaidh daltaí níos óige don foclóir Gaeilge agus éisteacht leis an teanga labhartha – an-chairdiúil do pháistí. Tá físeanna ann de chartúin is fearr le do pháistí anseo*
Doulingo: *Is oiriúnaí le haghaidh Rang 2 suas. Aip den scoth. Déan tástáil ar leibhéal ábaltacht do pháiste ón tús agus oibríonn siad ag a leibhéal féin ar feadh 10 nóiméad gach lá*
Mathduel: *Do na Táblaí. Spraoiúil agus Idirghníomhach*
Starfall: *Don Litriú. Arís, an-chairdiúil do pháistí agus úsáideach chun dul chun cinn sa litriú a dhéanamh gan mothú go bhfuil sé cosúil le hobair scoile (oiriúnach do Naíonáin Bheaga - Rang 1)*
Aip Jolly Phonics: *Chun leanúint ar aghaidh ag foghlaim foghraíocht i ranganna Naíonáin*
Aip Dolch Words: *(tá réimse leathan ar fáil): le haghaidh radharcfhocail a fhorbairt*
Aipeanna Nessy: *Don léitheoireacht le haghaidh páistí le Diosléicse nó deacrachtaí*
PinkFong: *Scéalta digiteach le haghaidh ranganna naíonáin. Ar fheabhas agus gníomhach*
Khan Academy: *Úsáideach le haghaidh Mata do na daltaí níos sine, ach go háirithe*
Kahoot: *Don eolas ghinearálta agus tráthanna na gceist*
Toontastic: *B'fhéidir go bhfuil sé an aip is fearr ar fad don scéalta a insint – is féidir le daltaí a scéalta féin digiteach a chumadh, ag piocadh amach réimse de charactair, suíomhanna, fiú cúlra ceolmhar. Cumann siad tús, lár agus críoch a scéal agus is féidir leo a nguthanna féin a thaifeadadh ag insint an scéal*
Puppetpals: *Cosúil le Toontastic – úsáideach le haghaidh daltaí níos óige. Is féidir leo taifead a dhéanamh orthu féin ag insint an scéal chomh maith*
Lightboot: *Aip Códú – thar cionn le haghaidh aoiseanna ar fad*